# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

---

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

**Nóta**: Tá **Roinn 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Ná dearmad, le do thoil, go gcaithfear **Fillteán** comhlánaithe **Roinn 1** a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

**Ceist 1. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH**

**A. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh cineál **AMHÁIN** carraige a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus luaigh cé acu an Bruthcharraig **nó** Carraig Dhríodair **nó** Carraig Mheiteamorfach í.

(ii) Déan cur síos ar conas mar a foirmíodh an charraig a roghnaigh tú i gcuid (i) thuas.

(iii) Tabhair **DHÁ** chúis a bhféadfadh sé go ndéanfadh daoine agóid dá n-osclófaí cairéal in aice lena dtigh féin.

[10]

**B. Tírghnéithe**


(i) Ainmnigh gné **AMHÁIN** a fhoirmítear ag leac oighir **nó** an fharraige.

(ii) Tarraing léaráid den ghné a d'ainmnigh tú.

(iii) Mínigh conas mar a foirmíodh an ghné seo.

[8]

**C. Síonchaitheamh**




(i) Úsáid na léaráidí thuas chun a mhíniú conas mar a dhéanann reo is coscairt (siocsmiotáil) síonchaitheamh ar charraigeacha.

(ii) Mínigh cén fáth ar dóichí gur ar shléibhte agus nach ar thalamh íseal a tharlódh reo is coscairt (siocsmiotáil).

[12]

## Ceist 2. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

**A.** Déan staidéar ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis agus ar an eochair eolais a thugtar duit.

Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis.

Ar do shracléarscáil **taispeáin agus lipéadaigh** gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- An tImeallbhord
- An limistéar faoi fhoirgnimh sa Daingin
- Abha Bhaile an Mhuilinn (in iarthar an cheantair a thaispeántar)
- An Bóthar Tánaisteach Náisiúnta N86.

[10]

**B.** (i) Agus usáid á baint agat as an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis, mínigh **DHÁ** chúis ar fhorbair an Daingean ag an suíomh seo.

(ii) Agus úsáid á baint agat as an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis, mínigh cén fáth a bhfuil a laghad sin bóithre agus tithe thart timpeall ar **Q 51 05**.

[10]


**C.** Samhlaigh go bhfuil tú ar saoire sa Daingean agus go bhfuil tú ag scríobh litreach nó ag seoladh ríomhphoist chuig cara leat.

Agus tú ag baint úsáide as fianaise as an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis, déan cur síos ar **CHEITHRE** ní is díol spéise do thurasóirí sa Daingean agus sa cheantar máguaird.

[10]

**Ceist 3.** **GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**A.** **Acmhainn Nádúrtha**




Comhdhlúthú    Uisce Dromchla a Ritheann chun Srutha
Frasaíocht    Galú

(i) Mínigh Timthriall an Uisce, ag usáid na léaráide agus na dtéarmaí thuas.

(ii) Ainmnigh **DHÁ** shlí ina mbaineann daoine úsáid as uisce.

(iii) Mínigh slí **AMHÁIN** ina ndéanann daoine truailliú ar sholáthair uisce.

[10]

**B.** **Tionscail Déantúsaíochta**

Soláthraíonn tionscail déantúsaíochta poist do mhórán daoine in Éirinn.
Tá ionchur, próisis agus aschur ag na tionscail seo go léir.

(i) Ainmnigh monarcha **AMHÁIN** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Ainmnigh **DHÁ** ionchur, **DHÁ** phróiseas agus **DHÁ** aschur atá ag an monarcha sin.

(iii) Mínigh an téarma Tionscal gan chuing.

[10]

## Ceist 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA (ar lean)

### C. Acmhainní agus Teicneolaíocht



Ag iompar na móna



Ag díol na móna



Ag bailiú na móna



Ag baint na móna

Scrúdaigh na fótagraif thuas.

Taispeánann siad céimeanna difriúla i mbaint agus in iompar as na portaigh.

(i) Déan cur síos ar conas mar a mhéadaigh meaisíní difriúla (teicneolaíocht) an méid móna a bhaintear agus a iompraítear amach.


(ii) Ainmnigh agus mínigh úsáid **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a bhaint as na portaigh agus an mhóin bainte astu.

[10]

**Ceist 4.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **4A**, **4B**, **4C**, **4D**.

## 4A. LÉARÁIDÍ STAITISTIÚLA




Taispeánann an graf thuas táirgeadh fuinnimh in Éirinn le linn trí bliana roghnaithe.

(i) Cén bhliain inar táirgeadh an méid ba mhó gáis nádúrtha?

(ii) Cén bhliain inar táirgeadh an méid ab ísle gáis nádúrtha?

(iii) Cén cineál fuinnimh ar tháinig méadú ar an méid de a táirgeadh idir 1990 agus 2008?

(iv) Ainmnigh **DHÁ** shampla d'fhuinneamh in-athnuaite.

[10]

## 4B. AG COSAINT NA TIMPEALLACHTA



(i) Mínigh cúis **AMHÁIN** le agus iarmhairt **AMHÁIN** ar an mBáisteach Aigéadach.

(ii) Déan cur síos ar **DHÁ** shlí inar féidir le scoileanna cabhrú, le go laghdófaí an t-athrú aeráide agus an téamh domhanda.

[10]

## Ceist 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar lean)

### 4C. CREATHANNA TALÚN agus CÚNAMH





**Achainí Phráinneach**

CRITH TALÚN IN HÁITÍ

Ar an 12ú Eanáir 2010 bhuail crith talún ollmhór Háití, ag marú 250,000 duine agus fágáil mórán den phríomhchathair ina fothrach. Deir na gníomhaireachtaí cúnaimh go mbeidh gá le méid ollmhór cabhrach.

Le cúnamh an eolais thuas, freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Déan cur síos ar **DHÁ** chineál díobhála a bhíonn mar thoradh ar chreathanna talún.

(ii) Déan cur síos ar an gcineál cúnaimh a bhíonn ar ghníomhaireachtaí cosúil le Concern a chur ar fáil láithreach bonn i ndiaidh an chreatha.

[10]

### 4D. TRÁCHT I gCATHRACHA

Féach go cúramach ar an íomhá seo ó cheamara tráchta a rinneadh ag Crois an Fhearainn Nua, Baile Átha Cliath.
Taispeántar trácht throm ag 17.29 Uair (5.29 i.n.) ar an 5ú Iúil 2010.




(i) Agus an t-am den lá á chur san áireamh agat, an bhfuil an trácht ag **fágáil** na cathrach NÓ **ag dul isteach** sa chathair?

(ii) Mínigh **DHÁ** chúis a dtarlaíonn plódú tráchta inár mbailte agus inár gcathracha.

(iii) Mínigh **DHÁ** mhodh a bhféadfaí úsáid a bhaint astu le go maolófaí ar an sórt sin plódú tráchta.

[10]

**Ceist 5. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de cheantar an Daingin a thugtar leis an bpáipéar seo. [**NOD**: Cuimhnigh – Is fótagraf sceabhach é seo. Dá bhrí sin, ní mór **duit úsáid a bhaint as na téarmaí cearta** e.g. cúlra ar clé, an lár ar dheis, an tulra ar clé, etc.]

**A.** D'iarr an chomhairle áitiúil ort linn snámha phoiblí le hionad fóillíochta a thógáil sa Daingean.

(i) Agus úsáid á baint agat as na téarmaí cearta, sainaithin suíomh oiriúnach ar an aerfótagraf don linn snámha phoiblí le hionad fóillíochta.

(ii) Mínigh **DHÁ** chúis ar roghnaigh tú an suíomh seo.

(iii) Mol míbhuntáiste **AMHÁIN** a d'fhéadfadh gabháil leis an suíomh seo.

[12]

**B.** Tá líon áirithe talamhúsáidí sa Daingean a d'fhéadfadh tairbhe a dhéanamh do mhuintir na háite agus do thurasóirí.

(i) Agus úsáid á baint agat as na téarmaí cearta, ainmnigh agus aimsigh **DHÁ** chineál talamhúsáide sa Daingean.

(ii) Tabhair **DHÁ** chúis a bhféadfadh ceann **AMHÁIN** de na talamhúsáidí a d'ainmnigh tú thuas tairbhe a dhéanamh do mhuintir na háite nó do thurasóirí.

[8]

**C.** Tarraing sracléarscáil den cheantar iomlán a thaispeántar ar an bhfótagraf.

Ar do shracléarscáil **taispeáin agus lipéadaigh** gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- Cuan an Daingin
- Dhá bhóthar a bhuaileann lena chéile
- Faiche spóirt
- Limistéar de thalamh talmhaíochta.

[10]